

RÁITEAS UM CHOSAINN LEANAÍ

Aithníonn Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) clár Ógtheagmhála na Prióireachta mar Ionaid Oideachais a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna dhá bhliain.

Tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo aontaithe ag Coiste Bainistíochta Ógtheagmhála na Prióireachta, de réir na gceanglas seo a leanas: [an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015](#), [Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017](#), [an t-Iarthéacs a ghabhann le Tús Áite do Leanaí \(2019\)](#), [na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017](#) agus [Treoir Tusla maidir le Ráitis um Chosaint Leanaí a ullmhú](#).

- 1 Tá glactha ag an gCoiste Bainistíochta le Nósanna Imeachta na Roinne um Chosaint Leanaí 2017 agus cuirfidh sé iad i bhfeidhm go hiomlán agus gan mhionathrú mar chuid den Ráiteas um Chosaint Leanaí foriomlán seo.

Is é Paul Curtis, Comhordaitheoir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA)

Is iad Celia Jones & Sandra Bagnall, Duine Acmhainne, na Leasteagmhálaithe Ainmnithe (LTA)

- 2 Aithníonn an Coiste Bainistíochta go bhfuil gnéithe um chosaint agus leas leanaí i ngach gné d'Ógtheagmháil agus nach mór iad a léiriú i mbeartais, i nósanna imeachta, i gcleachtais agus i ngníomhaíochtaí uile Ógtheagmhála. Ina bheartais, a nósanna imeachta, a chleachtais agus a ghníomhaíochtaí, cloífidh Ógtheagmháil leis na prionsabail seo a leanas a bhaineann le deachleachtas maidir le cosaint agus leas leanaí.

Déanfaidh Ógtheagmháil na Prióireachta na nithe seo a leanas

- Aithin go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile.
- Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
- Cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibríthe a chosaint ón ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh go mbeidís faoi réir líomhaintí mí-úsáide nó faillí dá bharr.
- Cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh in oideachas a gcuid leanaí.
- Meas iomlán a bheith aige ar riachtanais rúndachta agus é ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an t-ionad freisin leis na prionsabail thuas maidir le haon mhac léinn fásta a bhfuil leochaileacht speisialta aige/aici.

- 3 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm

- Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar d'aon fhiosrúchán (cibé a gcuirtear síos air) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthosca i leith linbh atá ag freastal ar Ógtheagmháil, cloíonn Ógtheagmháil leis na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus Ógtheagmháil 2017 agus leis na nósanna imeachta smachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann BOO a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin ROS.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn Ógtheagmháil le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus leis an treoir um dhualgas cúraim níos leithne atá leagtha amach i gclárcláin ábhartha ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsíú ag ROS agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS.
 - Maidir le soláthar faisnéise agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, don fhoireann maidir le sainiúint an díobhála a tharla (mar atá sainmhínithe in Acht 2015), tá na nithe seo a leanas déanta/á dhéanamh ag Ógtheagmháil
 - ▶ Chuir sé cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí Ógtheagmhála ar fáil do gach ball foirne
 - ▶ Cinntíonn sé go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí Ógtheagmhála ar fáil do gach ball foirne nua
 - ▶ Spreagann sé an fhoireann chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
 - ▶ Spreagann sé baill an Choiste Bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha
 - ▶ Coinníonn an Coiste Bainistíochta taifid oiliúint foirne agus chomhaltaí an Choiste ar fad
 - Maidir le tuairisciú imní faoi chosaint leanaí do Tusla, ceanglaítear ar gach pearsanra Ógtheagmhála cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus Ógtheagmháil 2017, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú faoi shainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
 - Tá an TA thuasluaite ceaptha ag an gCoiste mar an “duine iomchuí” (mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) d’Ógtheagmháil le bheith mar an chéad phointe teagmhála i dtaobh an Ráitis um Chosaint Leanaí.
 - Is daoine sainordaithe iad gach múinteoir cláraithe atá fostaithe ag Ógtheagmháil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
 - I gcomhréir leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnú déanta ag an gCoiste ar aon fhéidearthacht díobhála a dhéanamh do leanbh agus é/í ag freastal ar Ógtheagmháil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí Ógtheagmhála. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a aithníodh agus nósanna imeachta Ógtheagmhála chun na rioscaí sin a bhainistiú ceangailte mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.
 - Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (DDLETB), ar shuíomh gréasáin ROS nó cuirfead ar fáil iad ar iarratas ó Ógtheagmháil DDLETB.
- 4 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin Ógtheagmhála DDLETB agus cuireadh ar fáil é do chomhaltaí uile phearsanra na n-ionad oideachais. Tá rochtain éasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí air ach é a iarraidh. Cuirfead cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.
- 5 Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo nó chomh luath agus is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith tagtha ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Coiste Bainistíochta leis an Ráiteas um Chosaint Leanáí seo __ Nollaig 2022

Síniú Deirdre Hanamy
Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta

Síniú K A
Rúnaí don Choiste Bainistíochta

Dáta: 14-12-2022

Dáta: 14-12-22

De réir an Ráitis um Chosaint Leanáí Ógtheagmhála, aithnímid go bhfuil cosaint agus leas leanáí fíorthábhachtach. Táimid tiomanta a chinntiú go gcoimeádtar na mic léinn atá faoinár gcúram sábháilte, i gcónaí. Dá réir sin, maidir le go leor gnéithe de shaol agus de ghníomhaíochtaí Ógtheagmhála tá nósanna imeachta agus cleachtais glactha againn a thugann aird chuí ar an bhfreagracht seo.

Maoirseacht

- Déanfar gach iarracht a chinntiú go mbeidh maoirseacht chuimsitheach ar na mic léinn ar maidin ó 8:30am agus ag am lóin.
- Taispeántar uainchlár na foirne atá ar dualgas in oifig an chomhordaitheora.
- Cinnteoidh baill foirne/múinteoirí go ndéantar maoirseacht i gcónaí ar mhic léinn ar ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus ní fhágann na mic léinn maoirseacht na foirne nó ní théann siad i dteagmháil le haon duine fásta eile ag an am seo.
- Níl cead ag mic léinn lón/sosanna a chaitheamh sna seomraí ranga nó in aon áit san ionad gan maoirseacht agus/nó gan chead.

Cuairteoirí

- Ní mór do gach cuairteoir neamhsceidéalta chuig an ionad seiceáil isteach ag an bhfáiltiú agus logleabhar an chuariteora a shíniú.
- Beidh baill foirne/múinteoirí atá ar dualgas taobh amuigh nó taobh istigh ar an eolas faoi chuariteoirí a thagann isteach san ionad agus gheobhaidh siad amach láithreach a bhfuil ar intinn acu.
- Níl cead ag mic léinn cead a thabhairt do chuariteoirí teacht ar an áitreabh gan cead ón bhfoireann.
- Ní mór maoirsiú a dhéanamh ar gach cuairteoir a úsáideann áiseanna an ionaid.

Bulaíocht

- Tabharfar aghaidh ar iompraíocht bulaíochta faoinár mBeartas Frithbhulaíochta. Más rud é gur iompraíocht gnéasach atá i gceist nó má bhreathnaítear uirthi a bheith maslach ar leith, cuirfear an cheist ar aghaidh chuig an TA.

Iompraíocht

- Spreagfar mic léinn cas ar a chéile go comhoibríteach agus chun meas a léiriú orthu féin agus ar dhaoine eile; Cuireann Ógtheagmháil iompraíocht dhearfach chun cinn go gníomhach. Déantar tagairt do threoirínte iompraíochta an ionaid ar bhonn rialta, tá siad ar fáil sa Leabhrán Beartais Ógtheagmhála i ngach ionad.

Aq dul go dtí an leithreas

- Is é polasaí an ionaid nach gceadaítear ach do mhac léinn amháin dul isteach i gcubhachail leithris ag am amháin. Ní mór do mhic léinn a bhfuil gá acu leis an leithreas a úsáid cead a fháil ón bhfoireann/múinteoir.
- Le linn am lóin beidh an múinteoir atá ar dualgas taobh istigh in aice láimhe chun maoirsiú a dhéanamh nach bhfuil aon "phleidhíocht sna leithris".
- Aithníonn Ógtheagmháil DDLETB go dteastaíonn íogaireacht ar leith le maoirsiú na mac léinn i seomraí gléasta agus i limistéir chithfolctha.
- Más rud é go gcaithfidh mic léinn athrú ar chúis éigin, ní fhéadfaidh ach baill foirne bhaineanna dul isteach san áit athraithe na mban nuair atá sé in úsáid ag mic léinn bhaineanna. Ní fhéadfaidh ach baill foirne fireanna dul isteach san áit chun athraithe na bhfear nuair a bhíonn sé in úsáid ag mic léinn.
- Go ginearálta, fanfaidh an fhoireann lasmuigh den áit chun athraithe, agus láithreach maoirseachta á coinneáil ag an am céanna.
- Ní rachaidh baill foirne isteach in áiteanna chun athraithe ach amháin ar chúiseanna éigeandála.

Carranna foirne

- De ghnáth, ní iomprófar mic léinn i ngluaisteáin na foirne.
- I gcúinsí foircneacha (arna chinneadh ag an gcomhordaitheoir) nuair is gá mac léinn a iompar i gcarr foirne, ní bheidh mac léinn ina (h)aoon leis an mball foirne sin riamh.
- Beidh ball foirne/múinteoir i gcónaí in éineacht le ball foirne eile (e.g., comhordaitheoir, múinteoir acmhainne, duine riaracháin, feighlí).
- Ba chóir go mbeadh duine den fhoireann den inscne chéanna leis an mac léinn, nuair is féidir.
- I gcás nach bhfuil duine fásta ar fáil, beidh beirt mhac léinn eile in éineacht leis an múinteoir, chomh maith leis an mac léinn a bhfuil iompar de dhíth air/uirthi.

Ionduchtú Foirne/Múinteoirí

- Tá freagracht ar chomhordaitheoir an ionaid gach múinteoir agus foireann nua a chur ar an eolas faoi na Nósanna Imeachta nua um Chosaint Leanáí.

Tinreamh

- Déantar monatóireacht chúramach ar thinreamh an ionaid. Nuair a bhíonn imní ar Chomhordaitheoir/múinteoir/Acmhainne faoi thinreamh, cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas nó glaofar chuig an ionad iad.
- Déanfaimid monatóireacht freisin ar neamhthinreamh i gcomhghaol le comharthaí faillí/mí-úsáid fhisiciúil/mhothúcháinach. Cuirfear an Coiste Leasa Oideachais (CLO) ar an eolas faoi aon imní a bhaineann le tinreamh linbh. Déanfar leanaí a chaillean 20 lá nó níos mó a thairisciú don CLO de réir na reachtaíochta.

Teagasc Duine le Duine

- Tabharfaidh tuismitheoir(i) agus caomhnóir(i) toiliú sínithe chun ligean dá leanbh teagasc duine le duine a fháil ar bhonn riachtanas.
- I gcúinsí ina múintear mac léinn i suíomh duine le duine, beidh sé mar pholasaí ag Ógtheagmháil DDLETB, go mbeidh an mac léinn sofheicthe ag daoine eile i gcónaí.
- Múinfear na mic léinn i seomraí ina mbeidh an ball foirne agus an mac léinn le feiceáil trí dhoras painéil ghloine agus fanfaidh an doras oscailte agus gan bhac.
- Is féidir príobháideacht a sholáthar ach ba chóir go mbeadh an duine fásta le feiceáil i gcónaí.
- Níor chóir painéil ghloine a chlúdach riamh.
- Níor cheart doirse a dhúnadh agus/nó a chur faoi ghlas riamh.
- Cuirfear tuismitheoir(i) agus caomhnóir(i) ar an eolas faoi nósanna imeachta an ionaid maidir le cosaint leanaí mar a bhaineann sé le teagasc duine le duine.
- Tabharfar cóip de chlár ama an teagaisc 1:1 do chomhordaitheoir an ionaid agus beidh sé ar taispeáint i seomra foirne/in oifig an chomhordaitheora.
- Is faoi stiúir an mhúinteora ranga a dhéanfar an obair atá á déanamh ag múinteoir faoi oiliúint/oibrí deonach chun tacú le mac léinn. Má tá siad chun an seomra ranga a fhágáil, déanfar an obair seo i dtimpeallacht oscailte e.g., do mhic léinn a bhféadfadh imní mhór a bheith orthu.
- Ná coinnigh mac léinn ina (h)aonar riamh i gcuid iargúlta den ionad; má tá ceist smachta ann tabhair é/í go dtí limistéar lárnach.

Cruinnithe Duine le Duine

- Reachtálfar cruinnithe duine le duine de ghnáthamh in áiteanna poiblí (e.g., pasáistí, limistéar fóillíochta), áit a mbeidh an mac léinn infheicthe ag daoine eile, i gcónaí.
- Más gá príobháideacht a bheith ag cruinniú duine le duine, beidh cruinniú den sórt sin ar siúl i seomra nach bhfuil aon bhac ar an bhfuinneog. Ní chuirfear bac ar bhealach amach an mac léinn ón seomra riamh agus ní bheidh an doras faoi ghlas riamh.

Aoichainteoirí

- Tuairisceoidh na haoichainteoirí go léir chuig an lároifig agus buaifidh an múinteoir/mac léinn a thug an cuireadh dó/di leo anseo.
- Ní fhágfar aoichainteoir ina (h)aonar le grúpa mac léinn choíche. Le haghaidh gach cur i láthair, caint, ceardlann, fanfaidh an múinteoir atá ar an tráthchlár nó an múinteoir maoirseachta sannta i láthair agus ní fhágfaidh sé/sí an seomra go dtí go dtiocfaidh an chéad mhúinteoir eile atá ar an tráthchlár i láthair nó go dtiocfaidh an múinteoir maoirseachta.

Cleachtais agus Nósanna Imeachta a Bhaineann le Turais Thar Oíche

1. Beidh cead ó Phríomhfheidhmeannach DDLETB ag teastáil sula n-eagrófar aon turas thar oíche thar lear.
2. Beidh cead an Chomhordaitheora Réigiúnaigh ag teastáil sula n-eagrófar aon turas thar oíche laistigh de Phoblacht na hÉireann.
3. Beidh cead scríofa ó thuismitheoir(i) agus ó chaomhnóir(i) ag teastáil roimh ré ón bhfoireann/múinteoir atá ag eagrú gach turas thar oíche.
4. Iarrfar ar thuismitheoir(i) agus ar chaomhnóir(i) aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann le stádas leighis an mhic léinn a chur ar fáil roimh thuras thar oíche atá beartaithe.
5. Cuirfidh tuismitheoir(i) agus caomhnóir(i) sonraí teagmhála éigeandála an tuismitheora/na dtuismitheoirí agus an chaomhnóra/na gcaomhnóirí ar fáil don fhoireann/múinteoir eagraithe roimh an turas thar oíche.
6. Tabharfaidh an fhoireann/múinteoir eagrúcháin cóip dá leithéid de shonraí an turais do chomhordaitheoir an ionaid.
7. Maidir le lóistín thar oíche, ní roinnfidh daoine fásta, i.e. aon duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, seomraí le leanaí i.e. aon mhac léinn faoi bhun 18 mbliana d'aois.
8. Má éilíonn cúinsí eisceachtúla nó éigeandála go mbeadh duine fásta i seomra leapa ina bhfuil mic léinn, caithfidh níos mó ná mac léinn amháin a bheith sa seomra i gcónaí. Nuair a chomhaontaítear nósanna imeachta den sórt sin cuirfear in iúl do na páirtithe go léir iad agus déanfar iad a thairisciú .i.e. (gach ball foirne eile ar an turas, comhordaitheoir an ionaid/duine acmhainne atá i gceannas ar ais san ionad agus an Comhordaitheoir Réigiúnach).

Measúnú Riosca Scríofa ar Ógtheagmháil na Prióireachta

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an ceanglas i gCaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna, Iar-bhunscoileanna 2017*, is é seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa Ógtheagmháil na Prióireachta.

Is éard atá i riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo ná an riosca DÍOBHÁLA mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta.

Ciallaíonn díobháil i ndáil le leanbh

- a) Ionsaí, drochchóireáil nó faillí ar an leanbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go tromchúiseach, nó ar dóigh dó cur isteach go tromchúiseach ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas an linbh, nó
- b) Drochúsáid ghnéasach an linbh

1. Liosta de ghníomhaíochtaí an ionaid

- Teacht agus fágáil mac léinn laethúil.
- Mic léinn ag teacht go déanach/ag fágáil go luath, ag teacht isteach/ag fágáil trí bhealaí isteach/amach ionaid eile.
- Sosanna caitheamh aimsire do mhic léinn e.g., lón.
- Teagasc sa seomra ranga.
- Mic léinn a mbaint ón rang.
- Druileanna dóiteáin.
- Teagasc duine le duine/tacaíocht foghlama le mic léinn.
- Meantóireacht duine le duine/plé le mic léinn.
- Gníomhaíochtaí teagaisc taobh amuigh.
- Gníomhaíochtaí spóirt - san ionad agus seach-churaclaim le gníomhaireachtaí seachtracha.
- Turais ionaid.
- Turais ionaid lena mbaineann iompar.
- Turais ionaid lena mbaineann fanacht thar oíche.
- Turais ionaid lena mbaineann taisteal thar lear.
- Úsáid leithris san ionad.
- Lá spóirt / comórtas peile bliantúil.
- Lá/tráthnóna oscailte an ionaid agus lá/tráthnóna na ngradam.
- Imeachtaí tiomsaithe airgid a bhaineann le mic léinn agus le gníomhaireachtaí seachtracha.
- Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí an ionaid.
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Bainistíocht ar iompraíocht dhúshlánach i measc na mac léinn.
- Leigheas ordaithe a riaradh.
- Garchabhair a riaradh.
- Cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí-mac léinn.
- Soláthar curaclaim maidir le OSPS/OCG.
- Bulaíocht i measc mic léinn a chosc agus déileáil léi.
- Oiliúint a chur ar phearsanra an ionaid i gcúrsaí cosanta leanaí.
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam.
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile.
- Aire a thabhairt do mhac leinn a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais ar leith acu, amhail –
 - ❖ Mic léinn ó mhionlaigh eitneacha/imircigh
 - ❖ Baill den Lucht Siúil
 - ❖ Daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)
 - ❖ Mic léinn a mheastar a bheith LADT+

- ❖ Mic léinn de chreideamh reiligiúnach mionlaigh
- ❖ Mic léinn faoi chúram
- ❖ Mic léinn faoi chúram caomhnóirí-seantuismitheoirí/siblínní níos sine
- Pearsanra an ionaid a earcú lena n-áirítear
 - ❖ Múinteoirí/daoine acmhainne Feighlí/rúnaí/glantóirí
 - ❖ Oiliúnoirí spóirt
 - ❖ Teagascóirí/aoichainteoirí seachtracha Oibríthe deonacha i ngníomhaíochtaí an ionaid
 - ❖ Cuaireoirí/conraitheoirí i láthair san ionad le linn uaireanta an ionaid
 - Cuaireoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis uaireanta an ionaid
- Úsáid Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ag mic léinn san ionad.
- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Bheartas Cód Iompraíochta an Ionaid do Mhic Léinn lena n-áirítear coigistiú gutháin etc.
- Mic léinn a ghlacann páirt i dtaithe oibre san ionad.
- Mic léinn a ghlacann páirt i gcoistí ionaid ag am lóin/i ndiaidh an ionaid – i.e. comhairle mac léinn.
- Mic léinn ón ionad ag glacadh páirte i dtaithe oibre in áiteanna eile.
- Múinteoirí faoi oiliúint ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna san ionad.
- Úsáid fiseáin/grianghrafadóireachta/meáin eile chun imeachtaí an ionaid a thaifeadh.
- Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun gníomhaíochtaí/imeachtaí an ionaid a thaifeadh/a roinnt.
- Cuaireoirí suímh agus soláthraithe seirbhíse.

2. Tá an riosca díobhála seo a leanas aitheanta ag Ógtheagmháil maidir lena ghníomhaíochtaí

Díobháil mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta.

- Riosca 'díobhála' gan a bheith aitheanta ag pearsanra an ionaid.
- Riosca 'díobhála' gan a bheith á thuairisciú i gceart agus go pras ag pearsanra an ionaid. Riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann an ionaid 'díobháil' don leanbh san ionad. Riosca go ndéanfaidh oibrí deonach nó cuairteoir chuig an ionad 'díobháil' don leanbh san ionad.
- Riosca go ndéanfaí 'díobháil' don leanbh ag ball de phearsanra an ionaid, ag ball foirne eagraíochta eile nó ag duine eile fad a bhíonn an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den ionad e.g., turas ionaid, ceachtanna snámha etc.
- Riosca 'díobhála' de bharr bulaíocht ar leanaí.
- Riosca 'díobhála' de bharr maoirseacht neamhleor ar leanaí san ionad – sa rang agus ag amanna scaipthe/amanna sosa.
- Riosca 'díobhála' de bharr maoirseachta neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den ionad/turais ionaid.
- Riosca 'díobhála' de bharr caidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile.
- Riosca 'díobhála' de bharr leanaí ag baint úsáide míchuí as ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus gléasanna eile agus iad sa lár agus rochtain mhíchuí á fháil orthu.
- Riosca 'díobhála' do leanaí faoi mhíchumais foghlama/iompraíochta diagnóisithe agus a bhfuil leochaileachtaí orthu.
- Riosca 'díobhála' de bharr Beartas Cód Iompraíochta neamhleor.
- Riosca 'díobhála' i gcás(anna) teagaisc duine le duine, meantóireachta, cóitseála.

- Riosca 'díobhála' de bharr ball foirne an ionaid ag déanamh cumarsáide le mic léinn ar mhodh míchuí trí na meáin shóisialta, trí théacsáil, trí ghléas digiteach nó trí aon mhodh eile e.g., suíomhanna lasmuigh den obair.
- Riosca 'díobhála' de bharr ball pearsanra an ionaid ag fáil rochtain ar ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, trí théacsáil, trí ghléas digiteach nó trí aon mhodh eile e.g., suíomhanna as obair, agus an t-ábhar sin a scaipeadh. Riosca go ndéanfaí 'díobháil' ar an leanbh de bharr nach mbíonn pearsanra an ionaid rannpháirteach i riachtanais oiliúna.
- Riosca go ndéanfaí 'díobháil' don leanbh mar gheall ar pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lónadóireachta – in ionad agus seach-churaclaim le gníomhaireachtaí ionaid seachtracha.
- Riosca go ndéanfaí 'díobháil' don leanbh mar gheall ar pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí garraíodóireachta - san ionad agus seach-churaclaim le gníomhaireachtaí ionaid seachtracha.

3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag Ógtheagmháil chun dul i ngleic leis na rioscaí díobhála a aithníodh sa mheasúnú seo

- Cuirtear cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí ar fáil do gach pearsanra Ógtheagmhála. Tá cóip ar fáil ach é a iarraidh ón oifig freisin nó taispeántar é ag fáiltiú an ionaid.
- Cuirtear na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus Ógtheagmháil 2017 ar fáil do phearsanra uile an ionaid trí ríomhphost nó tá cóip chrua ar fáil in oifig an chomhordaitheora. Tá cóip ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin DDLETB.
- Ceanglaítear ar phearsanra Ógtheagmhála cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna agus Ógtheagmháil 2017 agus ceanglaítear ar gach ball foirne teagaisc cláraithe cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Cuireann Ógtheagmháil curaclam OSPS ar an tráthchlár i bhfeidhm.
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag Ógtheagmháil a chloíonn go hiomlán le riachtanais Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.
- Tá róta maoirseachta am lóin ag gach ionad Ógtheagmhála chun a chinntiú go ndéantar maoirseacht chuí ar mhic léinn le linn am ranga laethúil, ag deireadh an lae agus ag am lóin. Déantar monatóireacht ar na príomhphasáistí agus ar an limistéar cluichí taobh amuigh.
- Déantar monatóireacht ar bhriseadh leithris, ní cheadaítear ach do mhac léinn amháin in aghaidh an ranga leithris a úsáid ag am amháin.
- Ag am lóin déanann an duine fásta maoirseacht ar na leithris.
- Cloíonn Ógtheagmháil le beartas DDLETB maidir le turais ionaid.
- Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ag Ógtheagmháil do gach ionad.
- Cloíonn Ógtheagmháil le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin ábhartha ROS maidir le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána - Déanann Roinn Acmhainní Daonna/Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do gach ball foirne/saorálaí Ógtheagmhála.
- Cloíonn múinteoirí agus baill foirne neamhtheagaisc le Cód Iompair na Comhairle Mhúinteoireachta - <http://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Fitness-to-Teach/Code-of-Professional-Conduct-for-Teachers1.pdf>.
- Cloíonn Ógtheagmháil leis na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc mar atá leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Tá Beartas um Riachtanais Speisialta Oideachais ag Ógtheagmháil.
- Tá nós imeachta i bhfeidhm ag Ógtheagmháil ina mbíonn an comhordaitheoir, an duine acmhainne nó múinteoir i gcoánaí in éineacht le gach aoichainteoir/láithreoir.

- Tá na nithe seo a leanas déanta/á dhéanamh ag Ógtheagmháil
 - ❖ Chuir sé cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí an ionaid ar fáil do gach ball foirne san ionad.
 - ❖ Cinntíonn sé go dtugtar rochtain do gach ball foirne nua ar chóip de Ráiteas an Ionaid um Chosaint Leanaí.
 - ❖ Spreagann sé baill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha - clár ríomhfhoghlama arna fhorbairt ag Tusla Nasc (fad 1.5 uair an chloig) agus / nó dhá chlár ríomhfhoghlama eile deartha do mhúinteoirí ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí Nasc Féach ar fhíseán ar líne agus priontáil Teastas don chomhad pearsanra.
 - ❖ Spreagann sé baill an Choiste Bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha agus
 - ❖ a n-oibleagáidí dlíthiúla a thuiscint.
 - ❖ Coinníonn sé taifid ar oiliúint na foirne agus chomhaltaí an Choiste.
- Tá foireann oilte ag gach ionad Ógtheagmhála i nósanna imeachta Garchabhrach.
- Tá Cód Iompraíochta na Mac Léinn i bhfeidhm ag Ógtheagmháil do mhic léinn.
- Tá beartas TFC i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le húsáid TFC ag mic léinn.
- Tá Beartas Fón Póca i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le húsáid fón póca ag mic léinn.
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag Ógtheagmháil.
- Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag Ógtheagmháil do ghníomhaíochtaí teagaisc duine le duine.
- Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le socrúcháin múinteoirí faoi oiliúint.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le mic léinn atá ag tabhairt faoi thaithí oibre.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le mic léinn a thugann faoi ghníomhaíochtaí lónadóireachta.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Ógtheagmháil maidir le mic léinn a thugann faoi ghníomhaíochtaí garraíodóireachta.
- Tá plean ionaid COVID 19 i bhfeidhm ag Ógtheagmháil chun seirbhísí a sholáthar ar an láthair agus lasmuigh de

Nóta Tábhachtach: Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo ná an riosca “díobhála” mar atá sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an Coiste Bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála a bhaineann le hÓgtheagmháil a shainaithint chomh fada agus is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag Ógtheagmháil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú chomh fada agus is féidir. Tá an measúnú riosca seo críochnaithe ag an gCoiste Bainistíochta ar. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil Ógtheagmhála ar a Ráiteas um Chosaint Leanaí.

Ghlac an Coiste Bainistíochta leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo_

Nollaig 2022

Sínithe Dorinda Hanamy
Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta

Sínithe K AE
Rúnaí don Choiste Bainistíochta

Dáta: 14-12-2022

Dáta: 14-12-22